**Oisín i dTír na nÓg**

**Achoimre: Líon na bearnaí**

| | | | |
|---|---|---|---|
| trua | nGleann na Smól | chróga | Laighean |
| chapall | sean | bás | Naomh Pádraig |
| rabhadh | oíche | Fianna | uaigneas |
| Niamh | hÉireann | trí | gheasa |
| nÓg | bán | Fionn | iníon |
| fáilte | ngrá | Builleach | marbh |
| caoineadh | | | |

Lá amháin bhí trí chéad fear i __________ ___ ________ agus bhí siad ag baint cloch. Bhí siad ag streachailt mar bhí na clocha róthrom. Chonaic siad fear láidir, dathúil ar chapall bán. Oisín a bhí i gceist. Chabhraigh Oisín leo agus bhog sé an cloch. Faraor, thit sé den ________________. Chomh luath is a bhí a chosa ar thalamh na _______________ bhí sé ina sheanfhear dall.

Thóg na fir oibre Oisín chuig _____________ ___________. Bhí Naomh Pádraig deas agus cineálta leis. Bhí brón agus __________ ar Oisín go raibh Fionn agus na Fianna marbh agus go raibh an seansaol imithe. D'inis sé a scéal faoi Thír na nÓg agus _______ Chinn Óir.

LIVEWORKSHEETS

Lá amháin bhí na ____________ ag seilg in aice le Loch Léin. Chonaic siad bean álainn ar chapall ________. Niamh Chinn Óir arb ainm di agus tháinig sí go hÉirinn mar go raibh sí i _______ le hOisín. Chuala sí faoina cháil i dTír na __________.

Chuir Niamh Oisín faoi _______ dul léi go Tír na nÓg. Is tír álainn í agus ní éiríonn aon duine ______ inti agus ní fhaigheann aon duine ________ ansin. Thit Oisín i ngrá le Niamh agus bhí sé sásta dul léi go Tír na nÓg. Ach, bhí brón an domhain ar a athair Fionn Mac Cumhaill agus ar Oisín. Bhí saol iontach acu leis na Fianna ag seilg, ag imirt fichille, ag ól agus ag éisteacht le ceol. Bhí Oisín ag _________ nuair a d'imigh sé.

D'imigh an lánúin trasna na farraige ar an gcapall bán. Chuaigh siad chuig dún Rí na mBeo. Bhí iníon an rí ina brá ag an bhfathach Fómhar Builleach. Bhí Oisín an-_________ agus chaith sé _______ lá agus trí _________ ag troid in aghaidh Fómhar __________. Bhain Oisín a cheann de agus lig sé iníon an rí saor.

Ansin chuaigh siad go dtí Tír na nÓg. Chuir Rí agus Banríon Thír na nÓg __________ mhór roimh Oisín. Bhí fleá is féasta (cóisir mhór) acu a mhair deich lá agus deich n-oíche. Bhí Oisín agus Niamh sona sásta i dTír na nÓg ar feadh na blianta. Bhí beirt mhac acu agus _________ amháin.

Bhí Oisín go mór i ngrá le Niamh ach bhí sé uaigneach dá sheanshaol agus na Fianna. Lá amháin dúirt Oisín gur mhaith leis dul ar ais go

LIVEWORKSHEETS

hÉirinn chun _______ agus na Fianna a fheiceáil arís. Bhí Niamh an-bhuartha faoi seo. Thug sí an capall bán dó ach thug sí trí _________ dó – gan chos a chur ar thalamh na hÉireann. Dúirt sí leis dá gcuirfeadh sé cos ar thalamh na hÉireann, ní thiocfadh sé ar ais go Tír na nÓg go deo.

Nuair a tháinig Oisín go hÉirinn ní raibh tásc ná tuairisc ar Fhionn nó na Fianna. Bhí imní ar Oisín go raibh siad _______. Chuir sé ceisteanna ar dhaoine fúthu agus dúirt siad gur chuala siad scéalta faoi fadó. Tugtar le fios dúinn go raibh trí chéad bliain imithe thart ó d'imigh Oisín go Tír na nÓg.

D'fhill Oisín ar Almhain __________, áit chónaithe Fhinn ach ní raibh ann ach neantóga agus fiailí. Nuair a shroich sé Gleann na Smól, chabhraigh sé leis na fir.

Bhí ________ ag Naomh Pádraig don seanfhear dall agus bhí an-suim aige sna scéalta Fiannaíochta. Thug sé aire dó ag deireadh a shaoil agus thóg sé timpeall na tíre é. Fuair sé na scéalta Fiannaíochta ó Oisín, agus mhúin Naomh Pádraig soiscéal Dé d'Oisín.

Bhí uaigneas ar Oisín ach bhí sé sásta dul le Naomh Pádraig mar theastaigh uaidh dul chuig gach áit a mbíodh na Fianna fadó.

LIVEWORKSHEETS